# Guth Ghoill

Luach:€1.5


## Beannachtaí na Féil' Pádraig oraibh uilig



Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

### Dóchas Linn Naomh Pádraig

Dóchas linn Naomh Pádraig,
Aspal mór na hÉireann,
Ainm oirearc gléigeal,
Solas mór an tsaoil é.
D'fhill le soiscéal grá dúinn,
d'Ainneoin blianta i ngéibheann.
Grá mar Mhac na páirte,
d'fhuascail cách ón daorbhruid.

Sléibhte, gleannta maighe,
'S bailte móra na hÉireann,
Ghlan se iad go deo dúinn,
Míle glóir dár naomh dhil.
Iarrmaid ort, a Phádraig,
Guí orainne Gaela,
Dia linn lá is oíche
'S Pádraig Aspal Éireann.

## Glór na nGael

*Seo Fíona agus í ag glacadh le Teastas ón Aire Ó Cuímh ag deimhniú gur bhuaigh Céim Aniar an Príomhdhuais i Rannóg na nGaeltachtaí i gComórtas Ghlór na nGael 2006. Ba aitheantas suntusach é seo ar an obair mhaith atá idir lámhaibh againn anseo i Ros Goill. Sa phictiúr fosta tá Pádraig Ó hAoláin, Údarás na Gaeltachta, agus Máire Ní Annracháin, Glór*



# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

Dóchas linn Naomh Pádraig
& Comórtas Glór na nGael ................ 1
Clár........................................................ 2
Féile na Cásca &
Cupla Seanfhocal.................................. 3
Ag Déanamh Cléibh......................... 4 & 5
Sráidbhaile na nDúnaibh..........6, 7 & 8
Imeachtaí Chéim Aniar.....9, 10, 11, 12

Oíche Gaelach
Comórtas Ealaíona
Maidin Chaifé as Gaeilge
Comórtas Fuinneoga agus Siopaí
Ranngana Amhránaíochta agus Uirlisí Traidisiúnta
Tráth na gCeist
Ceilí
Comórtas Dánta
Teacht le Chéile Gosguill

Feadaímó......................................13 & 14
Coirneál Thuaithail.&
Láinseál Dlúth-Cheirnín......................15
Lus an Chromchinn &
Comórtas Scríobh Leabhar...............16
Peacadh Cholmcille................................17
Feis Thír Chonaill..................................18
Scéal Dub..............................................19
Máirtín Ó Gallchóir.............................20

# Féile na Cásca



Anois agus An Cháisc buailte linn beidh páistí beaga (agus móra!) ag smaoineamh ar na huibheacha Cásca d'achan chineál atá le feiceáil sna siopaí. Níl teorainn leis an oiread airgid a thiocfadh le duine a chaitheamh ar a leithéidí. Ach, ní hamhlaidh a bhíodh an scéal fiú leathchéad bliain ó shoin.

Bhí bochtaas mór san áit seo ag an am agus ár muintir a chuaigh romhainn beo ar an bheagán. An chuid is mó de na boic óga, b'éigéan dóibh imeacht ar shiúil go hAlbain, Sasana nó Meiriceá. Bhíodh páistí comh hóg le ocht nó naoi de bhliantaí "ar fasta" ag feirmeoirí móra agus feirmeoirí nach raibh comh mór sin, agus a muintir sa bhaile le croí briste ina ndiaidh ach gan de rogha acu ach na páistí a bheith ar shiúil mar seo mar bhítí ag feitheamh go géar leis an chúpla púnta a bhéarfadh siad 'na bhaile ag deireadh an tséasúir.

Mar sin fhéin, dhéantaí iarracht i gcónaí féilte cosúil le Oíche Shamhna, An Nollaig agus An Cháisc a chéiliúradh. Roimh an Cháisc, bhíodh na páistí uilig ag cruinniú (nó fiú ag goid!) uibheacha le carnán mór a bheith acu fá choinne Domhnach Cásca. Bhí sé cosúil le comórtas, an té is mó a mbíodh uibheacha acu, b'iad ab fhearr. Bhítí ag cruinniú cac bó tamall fada roimh na Cásca. Arís, bhí tábhacht mhór leis an chac bó seo mar go n-úsáidtí é le job tábhachtach a dhéanamh ar Dhomhnach Cásca. Ar an lá mór seo i saol na hEaglaise agus i saol na págántachta, thagadh páistí an bhaile le chéile agus a gcuid uibheacha á n-iompar leo go cúramach agus bhruitheadh siad na h-uibheacha ag úsáid an chac bó mar bhreosla. Bhíodh sé comh tirim sin go dtiocfadh leat é a dhódh agus sin an t-ábhar tine a bhiodh acu. Bhíodh féasta acu agus iad ina suí thart fan tine agus ansin ag imirt cluichí beaga. "Bonnachán" a t-ainm a bhí againne anseo ar an fhéasta bheag seo. Is dóiche gur fada an lá ó bhí a leithéid againn agus nach mbeidh sé againn níos mó. Tá sé ró-fhurasta anois a dhul go dtí na siopaí agus do sháith airgid a chaitheamh ar uibheacha seaclaide nach bhfuil mórán baint acu le Féile na Cásca.

***Mar a deir an seanfhocal:***

*Troscadh fada agus easpa bróg*
*A ní fear críonna den fhear óg*
*Ach imíonn siúd agus tarann seo agus i ndeireadh an lae níl ionainne ach lúb bheag i slabhra mór an tsaoil.*

Nóirín Goulding.




## Cupla Seanfhocail eile.

An áit a n-ólfaidh an t-uan an bainne, beidh sé ag tabhairt iarraidh air.

An rud a tchí leanbh, ghní leanbh.

An té a bhuailfeadh mo mhadadh, bhuailfeadh sé mé féin.

An té a gheobhas ainm éirí go luath thig leis luí go ham dinnéir.

An té atá bréagach, tá sé bradach.

An té nach n-iompróidh a chóta lá fliuch, ní bheidh sé aige drochlá.

# Ag déanamh cléibh

Bhunaigh muid Coiste Forbartha Mhíobhuí cúig nó sé bhliana ó shin. Le cois ná gnáth rudaí áitiúil a mbíonn cóistí mar seo ag plé leis, bhí suim mhór againn ins ná sean-ghnásanna agus scileanna atá chomhar a bheith caillte anois. Smaoinigh muid go mbeadh sé deas agus suimiúil cuid acu seo a athlasadh agus iad a thabhairt don ghlún inár ndiaidh le taispeáin díofa an úsáid a bhain an tsean mhuintir as bun ábhair ná háite. Bhí an t-ádh orainn mar go raibh fear inár measc a raibh cuid mhaith de ná scileanna seo aige agus gan dabht is Denis Dhonncaidh Mhicheáil as Cluain t-Saileach an fear seo. Tá muid an-bhuíoch dó as a chuid ama a thabhairt dúinn go flúirseach flaithiúil agus an foighne a bhí aige linn, rud nach raibh furasta i n-amanna. An chéad tógra a dtug muid faoi ná cúpla curach ar dtús agus ina dhiaidh sin shocraigh muid ar na cléibh.



Bhí baint mhór ag na cléibh leis an asal, seo ainmhí nach bhfuil le feiceáil ró-mhinic anois, ach san am a chuaigh thart bhí tionchar mór aige ar shaol na ndaoine sa cheantar seo agus i ngach ceantar tuaithe, bhí ceann nó beirt ag achan teach agus tá mé cinnte go bhfuil cuimhne mhaith ag bun-sheanduine na h-aite agus corr bhean fosta ar na laethanta a chaith siad ag siúl ina ndiaidh sa phortach, ag tógáil prátaí, ag cur amach aoileach agus fiche rud eile. Is minic fosta a raibh an cliabh ar dhroim fir ó mhaidin go hoíche, sa phortach, ag cur amach móna, seo áiteanna nach raibh an t-asal ábalta dul ann.





Ta an cliabh déanta le slata saileoige, rud nach bhfuil furasta a fháil inniu ach oiread. Sa tsean am bhí saileog ag fás ag achan teach san áit, ach bhí an t-ádh orainne go bhfuair muid saileog ar dóigh píosa taobh amuigh den Chraoslach agus thug an t-úinéir cead dúinn iad a ghearradh agus tá muid fíor-bhuíoch dó. Ta scil iontach ag baint leis an dóigh ina bhfuil na cléibh déanta, ní achan nduine a bhí ábalta iad a dhéanamh ach bhí fear no beirt in achan bhaile fearainn san am sin a raibh an scil seo acu agus thugadh an té a bhí ag cuardach na gcliabh na slata chuige le iad a dhéanamh.



Shochraigh muid na ranganna a reachtáil i seomra sa Síbín Ceoil achan oíche Luain agus Déardaoin ón 7-00 go dtí an 9-00in. Thosaigh muid ar na cléibh ag deireadh thiar thall agus bhí scaife mór againn ansin achan oíche, bhí lúcháir orainn an méid daoine óga a raibh suim acu a bheith páirteach sa tógra seo.

De réir Denis glacann se thart fá céad is fiche slat le cliabh a chríochnú. Tosaíonn tú leis na sáitéain, tá siad seo go measartha trom agus tá dhá shlat déag is fiche i gceist agus sáithíonn tú iad seo síos i scraith mhaith dhomhain créafóige, ansin tosaíonn tú le h-ocht slat déag eile agus tá siad seo ansin fite fuaite fríd na sáitéain, ach tá cleas beag leo seo mar go bhfuil snaidhm chliste le cur ar an dá shlat dheireanach agus seo an áit a dtáinig cuid scileanna Denis isteach.

Tosaíonn tú le h-ocht slat déag arís agus tá



snaidhm speisialta le cur orthu seo leis an chruachán a forimeall ar an cliabh. Tá an cruachán ann leis an cliabh a dhéanamh láidir. Teann tú ar aghaidh ansin fhad leis na fuinneoga atá thart fá leath bealaigh suas an cliabh agus ní fuinneoga pvc. ata i gceist! Ta ocht slat déag eile i gceist arís agus tá cúpla cleas eile anseo leis na fuinneoga a fhorimeall mar ba chóir. Teann tú chun cinn ansin go dtí go bhfuil an cliabh ar an mhéid ceart. Tá muid réidh anois leis an tóin a chur sa chliabh. Tosaíonn tú le snaidhm a chur ar leath de na sáitéain agus sníonn tú an chuid eile fríd na cinn ar chuir tú an snaidhm orthu, rud nach bhfuil furasta. Tá an cliabh réidh anois fá choinne an iorras, seo rópa measartha ramhar atá le ceangal fríd na fuinneoga agus lúb ar barr air le cur isteach ar cheann de na scóróga ata ar an t-srathair. Tá sé fíor-thábhachtach go



mbeadh an dá chliabh ar aon mhéid mar múna mbeadh, bheadh liosta ar an asal bhocht nuair a bheadh an t-ualach air.

Seo cuntas beag gairid ar an dóigh a thaispeáin Denis dúinn cliabh a dhéanamh, ach caithfidh tú féin ceann nó dhó a dhéanamh leis an sean-scil seo a phiocadh suas. Caithfidh mé a rá gur bhain muid uilig taitneamh iontach as an tógra seo mar bhí an craic maith fosta agus chuaigh an t-am isteach go tapaigh, ach bhí pionta blasta ag deireadh na oíche agus é tuillte go mór againn. Caithfidh me ar shon an Choiste buíochas a thabhairt do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall agus do Údarás na Gaeltachta as son an mhaoiniú a thug siad dúinn agus fosta do na daoine uilig a ghlac páirt ann ach go h-áirithe do Denis.



# Sráidbhaile na nDúnaibh.




Bíodh 's gur rud ait é, tá an chuid is mó de shráidbhaile na nDúnaibh suite i mbaile fearainn na Muirleoige. Tá an ché agus monarcha Mhic Nuadhat i mbaile fearainn na nDúnaibh agus síneann sé siar ó thuaidh ó seo. Ag toiseacht ag an choirnéal ag teacht isteach 'na nDúnaibh in aice le Páirc Pheile C.L.G. na nDúnaibh, bhéarfaidh siúlóid bheag



réidh tú thart le teach lóistín, bialann agus tabhairne Thrá Mór, áit ina bhfuil gnó ar siúl




le breis is leathchéad bliain. Díreach amach os a chomhair tá Ionad Chumann Luthchleas Gaeil Fó-chumann na nDúnaibh, lena pháirc bhreá pheile. Tógadh an t-ionad sa bhliain 1985 agus is mór an áis é don phobal áitiúil agus tá ard-mholadh tuillte ag an Fhó-chumann dá bharr. Faigheann an lei-



thinis seo a ainm ó Gholl Mac Mórna, duine de na Fianna agus tá a íomha ar shiombal an fho-chumainn. Seo a phictiúr, ar bhinn an ionaid, ag breathnú anuas ar chluiche peile. Tá áiseanna do Chispheil, Eitpheil, Liathróid Láimhe, Raicéadpheil agus tá seomra aclaíochta ar fáil don phobal san ionad.

Ag a thaobh tá Óstán na Trá lena thríocha sheomra codlata agus a bhialann. Seo teach a tógadh ar dtús sa bhliain 1934 agus tá sé i seilbh theaghlach Mhic Laifeartaigh ón bhliain 1988. Ar an droch uair, chuaigh an áit ar thine sa bhliain 2005 agus scriosadh í. Rinneadh ath-thógail uirthi sa bhliain 2007._Níos faide siar tá Óstán agus Bialann Bhá na nDúnaibh




agus an Teach Tabhairne Beag. Is le teaghlach Uí Chonchubhair an t-óstán compórdach seo le



dhá scór seomra codlata a osclaíodh sa bhliain 2004. Trasna an bhealaigh mhóir tá siopa Mhic Giolla Bhríde, an t-aon siopa sa tsráidbhaile. Seasann Oifig Poist na nDúnaibh agus Teach Chuan na Long Uí Bhrollacháin,




teach lóistín le morán seomraí codlata agus árasáin, ar shean-suíomh siopa Bhuchan a chuaigh ar thine sa bhliain 1970.

Os a chomhair tá an pháirc carbháin is mó den cheathrar atá sa tsráidbhaile, páirc charbháin Uí Chathasaigh, atá ag cur fáilte roimh chuairteoirí ón bhliain 1937. Ag taisteal suas an mhallaigh tiocfaidh tú ar Theach Leanna na nDúnaibh nó Teach a' Chuain mhuintir Uí




Chathasaigh. Tchífidh tú an comhartha do bhaile fearainn na nDúnaibh ar an chéad bhóthar ar dheis i ndiaidh Theach Níocháin Mharion. Is fíor-álainn an radharc atá agat anseo ar Ché agus Trá na nDúnaibh agus ar na cnoic maguaird.

Coinnigh ar chlé síos i dtreo na cé agus thíos ar bhealach na cé tá oifig Chomhlucht Iascaireachta Mhic Giolla Bhríde. In ionad dul síos 'na cé, gabh suas an mhallaigh agus buail isteach in Siopa Caifé agus Siopa




Bhréidín Mhic Nuadhat. Ar chúl seo tá Monarcha Bhréidín Mhic Nuadhat. Bunaíodh an monarcha sa bhliain 1952 agus rinne siad bréidín ar sheolta láimhe anseo ar feadh fiche bliain. Thosaigh siad le seolta leictreacha sa bhliain 1971 agus lean siad ag déanamh bréidín i rith an ama ach ag déanamh línéadaigh, síoda, olla agus faibricí eile fosta. Mar gheall ar dheacarachtaí trádála b'éigean dóibh comhnascadh a dhéanamh le muintir




Baird agus is é Baird Mc Nutt a tugtar air anois. Amach os comhair na háite tá Halla Duthie, áit a tógadh i dtús báire do na céadta iascairí Albanach a tháinig anseo le linn na hiascaireachta móire agus is ón suíomh neamh-shuntasach seo a thosaigh scéal Chomhlucht Bhréidín Mhic Nuadhat.

Tá ainm na nDúnaibh ceangailte go dlúth le hiascaireacht le breis is dhá chéad bliain. Tharla an iascaireacht mhór anseo idir 1890 agus 1914. Seasann monarcha Mhic Nuadhat ar shuíomh a raibh sean-mhonarcha dhéantús bairillí air, a tógadh anseo sa bhliain 1905, chun freastal a dhéanamh ar thionscal bhorradhmhach na hiascaireachta. Cuireadh salainn ar an iasc agus coinníodh i mbairillí iad le iad a choinneáil úr ar a mbealach chun

an mhargaidh. Go dtí an lá atá inniu ann tugtar 'Na Stáisiúin' ar an áit sin idir Monarcha Bhréidín Mhic Nuadhat agus an fharraige de bharr na stáisiúin inár leigheasadh na héisc.
Cá leis a raibh seo cosúil sa tsean-am? Na scaiftí oibrithe idir iascairí, lucht pacála éisc, lucht díol agus ceannacht, lucht glanta éisc agus oibrithe imirceacha ó Albain agus ó Oileán Mhannáin ina measc, na faoileogaí ag screadaigh, ag casadh agus ag eitilt go callánach os cionn na slóite, ag fanacht ar a gcuid féin d'fhómhar na farraige. Ag pilleadh ar ais duit, sula dtiontaíonn tú ar dheis ag oifig Chomhlucht Iascaireachta Mhic Giolla Bhríde tchífidh tú Cros na Mílaoise díreach romhat.
Mar a d'aithneofá óna ainm, ba thionscnamh



de chuid na Mílaoise é seo. Toisc gur ceantar cois farraige atá in Rosgoill, ba é tuairim an phobail gur smaoineamh den scoth a bhí sa tionscnamh seo. Cuireadh coiste ar bun, fuarthas dearthóir, cuireadh feachtas bailiúcháin airgid sa tsiúl agus cuireadh tréan brú ar pholaiteoirí. Caithfear a rá go raibh díospóireacht ghéar ar réamh-líniochta an dearthóra ag cruinnithe pobail ach i ndeireadh na dála thángas ar chomhréiteach agus is í an chros ghalánta chloch eibhear seo toradh na hoibre. Tá bród thar cuimse ag muintir Rosgoill as an chros agus as an leacht cuimhneacháin atá tógtha anseo i gcuimhne ár muintire a bádh fa'n bhaile agus as baile. Ba iad An Dochtúir Ró-Oirmhineach Pilib Ó Buaighe, Easpag Rath Bhotha (as Ros Goill ó dhúchas) agus An tAire Spóirt agus Turasóireachta, Seamas Mac Dáid a rinne an chros a nochtadh sa bhliain 2000. Is ar Ard na nEangach atá sé suíte agus ba dhoiligh áit níos oiriúnaí a fháil dó, toisc gur anseo a ba ghnáth leis na hiascairí a gcuid eangacha a thriomú sa tsean-am. Ar do bhealach 'na cé rachaidh tú thar an sleamhnán a thóg



Comhairle Condae Dhún na nGall sa bhliain 1982. Tógadh an ché féin sa bhliain 1884 agus chosnaigh sé £6400 agus cuireadh síneadh leis sa bhliain 1905.



*Bhí oíche mhór ag muintir Dhún na nGall i n-Óstán an Burlington i mBaile Atha Claith nuar a bronnadh an urraim "Donegal Person of the Year" ar an ceoltóir cailiúl Margo O'Donnell.*
*Mar is gnath bhí neart de mhuintir Rosgoill ann, ina measc an t-Easbog Ó'Buadhaigh. Sa phictiúr tá Seán agus Séamus Mac Giolla Cheara as Gortamór, agus Adrian Ó Gallchóir as Carraig. Bhí an chuid eile acu ar shiúl a luí um tnath seo.*

# IMEACHTAÍ CHÉIM ANIAR

## Oíche Ghaelach

Bhí Oíche Ghaelach againn ins An Síbín Ceoil ar an Aoine 23ú Márta.
Mar is gnáth ar na hoícheanta seo ba iad na páistí a thosaigh an oíche agus bhain achan duine sult as na dánta a bhí le rá acu.



Sílim féin gur deis mhaith í oíche mar seo le cuidiú leis na páistí feabhas a chur ar a gcumas cur i láthair na filíochta agus fosta le féinmhuinín a chothú iontu.



Bhí triúr de chlann Pasoma ansin, Micheál, Laura agus Ailín. Beirt de chlann Dhonncha Mhic Íomhar, Erin agus Caitlín agus beirt de



chlann Sheáin Mhic Íomhar, Leigh agus Ciarraí. Bhí Ruaidhrí Mac Connagli ansin agus Caoimhe Nic Giolla Bhríde. Tá buaiteoirí Oireachtas na Gaeilge amach anseo i measc na bpáistí seo gan aon dabht.
i dtaca leis an ceol de bhí oíche ar dóigh againn le Pádraig agus Eunan agus Seán Mac Corraí.



Chuidigh Caitlín Ní Mhaoileoin agus Caroline go mór leis an oíche fosta. Níor chuala mé amhrán a rá trí Bhéarla ó thús go deireadh na hoíche agus bhain achan duine sult as an chraic agus an comhrá.

## COMÓRTAS EALAÍONA

*Bhí comórtas ealaíona againn do pháistí na mbunscoileanna agus bhí taispeántas cuid pictiúr scoil Dhuibhlinn Riabhach le feiceáil i bhfuinneóga An Réalt Thuaidh i gCarraig Airt, agus cuid pictiúr scoil na nDúnaibh le feiceáil in Áras Ros Goill sna Dúnaibh agus i gClubtheach an Chumann Lúthchleas Gaeil. Maith sibh a pháistí agus beidh na torthaí le fail ag na múinteoirí go luath.*

## Seachtain na Gaeilge



Tá Seachtain na Gaeilge thart do bhliain eile, agus mar is eol díbh bhí neart imeachtaí beartaithe ag Céim Aniar leis an tréimhse seo a cheiliúradh agus le fáil a thabhairt don phobal bheith páirteach sna h-ócáidí éagsúla agus sult a bhaint astu. Bhí "Maidin Chaifé as Gaeilge" mar cheann de na h-imeachtaí seo i gcomhar le Meitheal Mhíobhaigh don dá Naíonra agus d'éirigh thar barr leis. Tógadh €430 ar an lá. Bhí arán baile ann, cístí de gach





cineál, píógaí úll agus uachtar, agus bunnóga agus toirtíní a chuirfeadh uisce le do chár. Míle buíochas do na daoine uilig a rinne an bacáil galánta seo, go mórmhór Kate, Siobhán, Bríd agus Bridie. Caithfidh sé go raibh siad ina suí ag obair i rith na oíche!





## Comórtas Fuinneoga agus Siopaí




*Fósta do Sheachtain na Gaeilge bhí comórtas fuinneoga siopaí agus gnóanna sna Dúnaibh agus i gCarraig Airt agus seo thuas an buaiteoir—An Poitigéir I gCarraig Airt. Comhghairdeas libh-mar a fheiceann sibh bhí taispeántas iontach acu!! Seo thíos cuid de na cinn eile..*








## Ranganna Amhránaíochta agus Uirlisí Traidisiúnta

Cuireadh tús le ranganna amhránaíochta agus uirlisí traidisiúnta ar na mallaibh in Áras Ros Goill, agus go dtí seo tá os cionn triocha duine ag freastal ortha. Tá súil againn go rachaidh siad ó neart go neart, agus go gcuirfear de réir a' chéile leis an mheas agus an tuigbheáil atá sa cheantar seo ar ár gcultúr dúchasach, chomh maith le ceoltóirí agus amhránaithe óga úra a thabhairt chun tosaigh.

*Seo leanas na sonraí faoi na ranganna éagsúla:*

| | |
|---|---|
| 1 Amhránaíocht: | An Luan 5pm-6pm le Máire Ní Chuilinn |
| 2 Feadóg Stáin: | An Mháirt 3.30pm-4.15pm le Siún Uí Ghallchóir |
| | An Mháirt 3.30pm-4.15pm le Aoife Ní Dhochartaigh |
| | An Mháirt 5.00pm-6.00pm le hAingeal Nic a' Bháird |
| 3 Fídeal agus Bosca Ceoil: | An Mháirt 4.15pm-5.15pm le Siún Uí Ghallchóir |

Fáilte roimh dhaoine úra agus mar tá ráite thuas, tá na ranganna seo uilig ar siúl ag Céim Aniar in Áras Ros Goill, Na Dúnaibh—fón 9154830.

# Tráth na gCeist



Tá
Tráth na gCeist faoi lánseol arís agus muid istigh sa seachtú seachtain dó. Déardaoin an 29ú Márta, bhí an choimhlint ar siúl sa Realt Thuaigh agus Déardaoin an 6ú is sa Síbín Ceoil a bhéas sé, ag toiseacht mar is gnách ag a 10.00pm.





## Céilí

*Tá cleachtaithe damhsa Céilí ar siúl againn achan oíche Chéadaoin ón 7pm go dtín 8pm sa Choláiste Gaeilge agus tá fáilte roimh achan duine.*

# Comórtas Dánta Abair Amach 2007

***Bhí páistí Chéim Aniar páirteach sa Chomórtas Abair Amach ar an Satharn 10ú Márta, i gColáiste Bhríde i Rann i Feirste. Bhí trí cloigean déag páiste ullmhaithe ag Céim Aniar ón dá scoil agus ón Naíonra le páirt a ghlacadh sa chomórtas.***



*Naíonra Dhiarmada agus Ghrainne*

***Bhí seo ina chleachtadh agus ina taithí iontach díofa. 'Sé seo an chéad bhliain do Chéim Aniar páirt a ghlacadh sa chomórtas agus tháinig siad 'na bhaile le cuig bhonn. Seo cupla pictiúr thuas agus thíos de na páistí a ghlaic páirt.***




*Scoil Naonh Bríd*





## Scoil Naomh Bríd




## Scoil Cholm Cille




*Seo thuas agus ar chlé cuid de na daltaí ó Scoil Naomh Bríd agus ó Scoil Cholmcille a bheas ag dhul siar go Gaoth Dobhair ar an 31ú Márta le páirt a ghlacadh sa chomórtas "An Béal Binn". Tá an comórtas seo á reachtáil i bPobalscoil Ghaoth Dobhair agus tá 7 Roinn éagsúil ann, ó na Naíonraí suas go dtí daltaí na hArd-teistiméarachta sna scoltachta darna leibhéal. 'Sé tá le deánamh acu dán Gaeilge a aithris, agus tá siad uilig go díograiseach ag foghluim a gcuid línte! Ádh mór oraibh uilig agus bainigí sult agus tairbhe as an lá.*

**Maith sibh a phaistí!!**

## reabhlóga

An bhfacha tú an bacach, nó an bhfacha tú a mhac? Ní fhaca mé an bacach is ní fhacha mé a mhac, ach dá bhfeicfinnse an bacach nó dá bhfeicfinnse a mhac, ní bhacfainn leis an bacach is ní bhacfainn lena mhac!

Go mbéadh seacht shlíocht ag slíocht do shleachta.

Ná bac le mac an bhacaigh is ní bhacfaidh mac an bhacaigh leat.

Meallann muilte Dé go mall ach meallann siad go mion.

# Teacht le Chéile Rosguill

***Le tamall anois is é mo thuairim gur ceart 'Teacht Le Chéile' a bheith againn i Rosguill. Tá na mílte daoine ar fud an domhain a bhfuil baint acu le Rosguill trí athair nó máthair, seanathair nó seanmháthair. Cuid de na daoine sin b'fhéidir nach bhfuil a fhios acu go bhfuil muintearas acu le Rosguill.***

***Is é an rud atá i gceist anseo ná cuireadh a thabhairt don 'Rosguill Diaspora' filleadh abhaile faoi choinne seachtain nó coicís. Is é an chúis gur cheart dhá bhliain ar a laghad a ghlacadh ná go mbeadh am ag daoine a gcuid laethanta saoire a eagrú le comhthárlú leis an Teacht Le Chéile agus fosta go mbeadh am acu an t-airgead a shábháil leis an turas a dhéanamh. Go cinnte, is tionscnamh an-mhór a bheadh ann agus ghlacfadh sé cuidiú iontach mór ó léar mór daoine. Seo rud go mbeadh baint ag an phobal go léir leis. Tá duine muinteartha ag achan duine taobh amuigh den leithinis, den chondae nó den tír.***

***Le linn seachtain nó coicís an 'Teacht Le Chéile', ba cheart cúrsaí cultúrtha an lae inniu a bheith ag dul ar aghaidh, agus an saol a bhí ann a cheiliúradh fosta. Ceapaim féin go dtabharfadh ócáid mar seo uchtach mór don cheantar agus go dtabharfadh sé spiorad pobail agus bród ar ais do mhuintir Rosguill.***

***Má tá duine ar bith eile a shíleann gur smaoineamh maith atá ann agus go mbeadh suim agaibh go rachadh an ocáid chun tosaigh ba mhaith liom cloisteáil uaibh.***

***Seamus MacGiolla Cheara - 087 2565977***

Ní chronaítear an t-uisce go dtriomaítear an tobar



'You don't miss the water until the well runs dry' — IRISH PROVERB

# Feadaímó

*Ag tús an 19ú aois bhí na Tiarnaí Talún sa Bhreatain Mhór agus in Éirinn ag amharc ar dhóigheanna lena gcuid eastáit a dhéanamh níos torthúla agus níos tairbhí.*

*Sa bhliain 1809 bhí os cionn milliún acra talaimh ag an Tiarna Talún Sutherland i nGarbhchríocha na hAlban agus chaith sé na mílte as seilbh agus chuir sé caoirigh isteach ar an talamh ina n-áit.*

*Chonaic na Tiarnaí Talún in Éirinn cad é chomh maith is a d'obair seo dó agus thosaigh siad ag amharc ar a gcuid tailte féin, go háirithe sna háiteacha a raibh an talamh is measa cosúil le Iarthar agus Iar-Thuaisceart Thír Chonail.*

*I ndiaidh cath 'Waterloo' sa bhliain 1815 chuaigh an t-iomrá amach i Ros Goill go raibh an Tiarna Talún ag iarraidh na daoine uilig ar an Mheall Mhór a chur as seilbh sa dóigh is go mbeadh talamh aige dona chuid caoirigh. Oíche amháin bhailigh fir an taobh thoir uilig isteach i dteach Pháidí Dhomhnail chun an scéal a phlé agus shocraigh siad seasamh in éadan na mbáillí ar thaobh Ros na Binne de Charraig Áirt agus go gcruinneoidh siad uilig ansin roimh a seacht a chlog maidin lá arna mhárach. Chuaigh Feadaímó agus Séamaí Joe Mháire siar an bealach le muintir an taobh thiar a spreagadh chun seasacht leo, mar bhí a fhios ag achan duine dá n-éireodh leis an Tiarna seilbh iomlán a fháil ar an Mheall Mhór go mbeadh sé mar sprioc aige díshealbhú iomlán a dhéanamh i leithinis Ros Goill. Bhí an ghealach ar bharr Gháinne Mhór agus oíche breá shoiléir ann nuair a shiúil Feadaímó agus Séamaí isteach go Doire A' Chasáin. Bhí fir Dhubhaigh agus fir an Aird Bháin leo agus bhí bunadh achan teach i nDoire A' Chasáin ina suí leis an challán a bhí madaí an bhaile a thógáil. Chuir Néill Dhoncha Mhóir a cheann amach thar an leathdhoras agus é ag cuimilt an codlata as a shúile. Bhí madadh s'aige ag dul ar mire taobh istigh agus é ag déanamh achan iarracht fáil amach thar an leathdhoras.*

*"Socraigh Spot", scairt sé, agus greim muineál aige ar an mhadadh, agus é ag an am céanna ag cur air a bhuataisí. "An bhfuil na Francaigh sa bhá nó caide" a dúirt sé. D'amharc sé ar Feadaímó agus ar an shlua a bhí a leanúint. "Bhuel a Fheadaímó, caide, faoi Dhia, atá ag dul ar aghaidh anseo? Ar bhris Napoleon amach arís"? "De réir mar a thuigimse rudaí a Néill, ní bheidh Napoleon ná duine ar bith eile ag teacht le cuidiú a thabhairt dúinne níos mó. Caithfimid troid dár gcuid fhéin a dhéanamh an t-am seo", d'fhreagair Feadaímó.*

*Bhí clann Néill uilig ina suí faoin am seo agus bhí bean s'aige ina sheasamh le leanbh a bhí ag sceamhlach ina lámha aici, ag amharc amach thar a ghualainn agus beirt eile de na páistí ag brú isteach roimh Néill ag déanamh iarracht amharc amach thar an leathdhoras.*

*"Char mhothaigh mé a leithéid de chlampar ó dódh teach Bhidí Sheáin" dúirt Néill agus é ag cur an darna buatais air. " Coinnigh greim ar an mhadadh bomaite a Cháit agus cuir thusa na páistí isteach a' luí ar ais" D'oscail sé an leathdhoras agus amach leis. Bhí fir eile an bhaile ag bailiú faoin am seo agus chan róshásta a bhí siad mar bhí achan teach bun os cionn. Fear mór láidir a bhí i Néill agus sheas sé ar charraig mhór in aice an chairn aoiligh agus chuir sé a dhá láimh in airde.*

*"Coinnígí socair a fheara go gcluinfimid scéal na beirte seo. Tá mé cinnte nár mhuscail siad an baile le beannachtaí Dé a rá linn uilig". Shocraigh an slua agus léim Feadaímó suas ar an charraig le taobh Néill. "A fheara chuir mé sibh amach as bhur leapacha anocht, ach in áit feirge a bheith oraibh siocair cúpla uair chodlata a chailleadh ba chóir daoibh buíochas a thabhairt do Dhia go bhfuil a leithéid de rud agaibh is leaba. Níl Oíche Shamhna ach coicís ar shiúl agus beidh sibh in bhur suí cois tine i bhur gcuid dtithe fhéin ag éisteacht le scéalta agus ag baint sult as comhluadar bhur gcomharsana. Ach, cá mbeidh sibh ar an bhliain seo chugainn? Cá mbeidh bhur gcomharsana? Tá, scaipthe deirfinn. Tá cuid báillí an Tiarna Talún chun muintir an Mhill Mhóir a chaitheadh amach as a gcuid tithe maidin amárach". Scanraigh na focail sin na fir mar ba é an díshealbhú an rud ba mó a luí go trom ar a n-intinn ar na laethibh sin. Bhí daoine a caitheadh amach as seilbh ar na leithscéalta is laige agus ní raibh duine ar bith sábháilte. "Má éiríonn leo sin a dhéanamh a fheara," dúirt Feadaímó ag tógáil a ghlór, "cén áit a stopfaidh na báillí céanna. Beidh siad i nGort na Luchóg ar an tseachtain seo chugainn agus thiocfadh leo a bheith anseo i nDoire A' Chasáin roimh an Nollaig. Síleann an boc mór é féin nach mbeidh deacracht ar bith aige ar an Mheall Mhór mar go mbeidh barraíocht eagla orainn seasacht ina éadan".*

*"Agus nach bhfuil an ceart aige"? Tháinig an*

*scairt seo ó chúl an tslua, agus thiontaigh na fir uilig. Shiúil fear chun tosaigh agus d'aithin Feadaímó Stiofán Bhidí ag teacht ina threo. Fear ard cruachaol a bhí ann agus ba duine é a thug muintir an bhaile a sá fairsinge dó go hairithe nuair a bhí braon istigh aige, rud a bhí amhlaidh anois. Baitsiléir a bhí ann a raibh píosa de screabán aige, a raibh cothú bó amháin ann amuigh i mBaile an tSléibhe. Chuir sé a cheann in airde agus d'amharc isteach idir an dá shúil ar Fheadaímó. "Chan inniu ná inné a rugadh mise a ghasúir, is chan fhaca mé aon duine ariamh fán cheantar seo ag seasacht in éadan an Tiarna Talún agus an bhfuil a fhios agat cad chuige"? Cha dtáinig freagra ar bith ó Fheadaímó. Léim Stiofán suas ar an charraig. Bhí dhá shúil dhearga fhiánta ina chloigeann agus thit ciúnas ar an slua. "Bhuel, inseoidh mise duit cad chuige.*

*Mar níl aon fhear fán íochtar, seachas mé fhéin a dtiocfadh leis a láimh a chur in airde is a rá gur laoch de chuid na nDálach a bhí ann. Agus cad chuige a mbuairfinnse mo chloigeann faoi dhrochádh mhuintir an Mhill Mhóir". "Ní seo fadhb an Mhill Mhóir amháin a Stiofán", a dúirt Feadaímó, "agus muna seas"… Bhris Stiofán isteach air. "Druid thusa do bhéal a ghasúir. An síleann tusa go bhfuil tú dhul a mháirseáil isteach is amach fríd an taobh thiar anseo ag screadach is ag tógáil racáin agus nach bhfuil duine ar bith ar an taobh seo den chnoc chun smacht a chur ort. Chuaigh Néill Dhonncha Mhóir idir an bheirt agus chuir sé a lámh ar Stiofán. "Níl feidhm ar bith leis an chineál sin cainte, a Stiofáin" a dúirt*

*sé. " Níl Feadaímó anseo chun…" Chan fhuair sé an darna focal amach as a bhéal. Bhuail Stiofán é faoin smig agus thit Néill ar cúl ina chnap ag bun na carraige. D'éirigh monabhar feirge ón tslua i ndiaidh dóibh an buile fabhtach seo a fheiceáil. Níor thug Stiofán aird ar bith ar seo agus thiontaigh sé ar Fheadaímó. "Anois a chailleach, cé thusa le bheith ag insint dúinne cad é le déanamh? Eh?*

*Níl ionat ach coileán seanaimsire de ghasúr dímhúinte nach bhfuair ariamh ceacht smachta, ach tá tú san áit cheart anois agus tá'n múinteoir anseo os do choinne". Tharraing sé a dhorn le hiomlán a nirt agus rinne iarracht Feadaímó a bhuaileadh idir an dá shúil. Bhog Feadaímó leathchéim ar dheis agus thitfeadh Stiofán ón charraig ach ab é gur rug Feadaímó greim gualainne air.*

*Thóg Feadaímó é ansin ón talamh mar a bheadh uan seachtaine ann agus chaith sé é síos díreach ar mhullach a chinn isteach sa chairn aoiligh. Ní raibh a dhath le feiceáil de Stiofán ach a shean bhróga caite agus b'fhéidir deich n-orlaí de bhrístí cifleoga. D'éirigh racht gáire ó na fir agus ní raibh deifre ar bith ar dhuine ar bith acu cuidiú a thabhairt dó. "Ró-mhaith aige" scairt fear amháin agus "b'fhiú oíche codlata a chailleadh le sin a fheiceáil" dúirt fear eile. Phlúchfaí Stiofán Bhidí an oíche sin ab é gur chur Séamaí Joe Mháire píosa de shean phlanc trom ar an charn aoiligh agus thug fear as Dubhaigh cuidiú dó é a tharraingt amach. Sheas an fear bocht ar an talamh tirim agus é ag puthaíl. Bhí sé clúdaithe in aoileach ó bhun go barr agus ní mó ná go raibh sé ábalta a shúile a oscailt agus é ag déanamh iarracht fáil ar shiúl ón mhagadh agus ón gháire searbh. Tugadh neart fairsinge dó agus é ag déanamh a bhealach fríd an slua ach ní anois de thairbhe eagla a bheith roimhe ach de thairbhe an boladh fiánta a bhí amach as.*

*Níor chuir Feadaímó an darna sracfhéachaint air ach go díreach thosaigh sé ag caint arís. "Mar a dúirt mé a fheara, ní seo fadhb an Mhill Mhóir amháin. Caithfimid uilig seasacht le chéile. Anois tá muid uilig ag cruinniú ar an taobh seo de Charraig Airt ag a seacht a chlog ar maidin. Níl mórán am fágtha. Tá sibh linn nó níl; ach caithfidh mise imeacht anois agus muintir na mbailte fearainn eile a bhailiú. Ar dtús bhí ciúnas agus ansin thosaigh corr scairt thall is abhus. "Tá mise leat a Fheadaímó" ó fhear amháin. "Muintir an íochtair, is dream amháin sinn", ó ffear eile agus de réir a chéile d'éirigh an gleo go dtí go raibh achan fhear ag scairteadh agus ag gealladh a thacaíochta don chúis.*

*Léim Feadaímó anuas agus shiúil sé leis i dtreo na nDúnaibh agus an lá ag bánú thoir. Bhí os cionn céad fear leis nuair a thug sé a aghaidh ar Charraig Airt agus d'fhág sé cnoc na Muirleoige ina dhiaidh. "Gheobhaidh na baillí gonc maidin inniu" dúirt Néill Dhonncha Mhóir.*

*Bhí sé i gceart arís agus gan air ach náire gur lig sé do dhuine ar bith é a bhuaileadh go furasta sin. Bhí Feadaímó ag amharc isteach ar Loch An Chéide. Nuair a chuala sé glór catha thuas ar Mhallaigh an Rí. Thiontaigh sé ar chlé gan focal agus thosaigh sé ag rith. Lean an slua é agus nuair a shroich siad an cosán uachtarach chonaic siad an troid thíos fúthu.*

***Beidh an chuid eile ins an chéad eagrán eile.***

# Peacadh Cholmcille.

Is é Peacadh Cholmcille ainm an dráma a bhfuil aisteoirí Mhíobhaigh ag obair air i mbliana. Tá an dráma a scríobh Proinsias Ó Cuilinn bunaithe ar eachtra cáiliúil a tharla le linn ré órga na Éirinn, nuair a bhí mainistreacha agus manaigh i réim agus scoileanna acu a raibh cáil agus cliú orthu agus a raibh micléinn ag tarraingt orthu ó Mhór Roinn na hEorpa. Níl mórán Éireannaigh nár chuala faoin bhreithiúnas a thug Ard-Rí na hÉireann ar an chóip a rinne Colmcille de leabhar Naomh Fhinghín---'Is le gach bó a gamhan, is le gach leabhar a cóip'.



Thosaigh na haisteoirí ar an chleachtadh thart fá



mí sula deachaigh siad ar stáitse don chéad uair thíos ins an Ceathrú Rua i nGaillimh ar an Satharn 24ú Márta.

Tháinig Domhnall Mac Giolla 'Easpig isteach i



mbliana chun an léiriú a dhéanamh agus rinne sé scoth na hoibre. Is fear ar dóigh é Domhnall a bhfuil an cheird ar eolas aige agus thaitin sé go mór leis na haisteoirí. D'éirigh go maith linn an chéad oíche ar stáitse agus bhí muid ag súil go mbeadh oíche mhaith againn sna Dúnaibh ar an Aoine 30ú lá Márta. Mar is eol díobh is drámaí grinn don chuid is mó a rinne Aisteoirí Mhíobhaigh roimhe seo agus ní raibh a fhios againn in dáiríre cad é'n dóigh a rachadh sé sa choláiste. Mar a tharla thaitin sé go mór leis an lucht féachana, rud a chuir lúcháir orainn uilig agus beidh a fhios againn ar an 9ú lá de Mhí Aibreáin cé acu bhfuair muid fríd go dtí an Fhéile Náisiúnta nó nach bhfuair.



Tá an fhéile sna Dúnaibh i mbliana mar sin de tá shúil againn uilig go mbeidh muid ar an ardán ar ais le Peacadh Cholmcille.



# COIRNEÁL THUAITHAIL.

*Seo Proinnsí uair amháin eile agus é ag aislingeacht. Bhí mé ag caint le Columba Ó Buaidhe ar shráid Charraig Airt ar an tseachtain seo caite agus creidim go raibh suim go brách aige sa chuntas a thug mé san eagrán dheireanach ar mo chuid ama ar scoil Mhíobhaigh nuair a bhí mé óg, chan sin inniu na inné!*

*Bhí iontas mór air go raibh againn le brosna a chruinniú agus dhá fhód móna a bheith faoinar n-ascaill achan mhaidin do thine na scoile. Bhí iontas mór air fosta fán chuntas a thug mé faoin chác asaile,'sé sin go raibh sé cuid mhaith níos fearr ná na Peat Briquettes atá ag Bord na Móna. Ní ag magadh atá mé! Bhí mé ag aislingeacht aréir ar an dóigh is fearr domh a dhul 'un tosaigh leis an scéal seo. Tá monarcha ná beirt druidte síos sa cheantar seo anois agus b'fhéidir gur chóir dúinn amharc faoi thionscal trom nó éadtrom a chur ina n-áit.*

*Tá cuid mhór tithe saoire thart fán áit seo anois agus plasóg dheas féir taobh amuigh díobh uilig. Dá mbeadh scuaine asal againn thiocfadh linn iad a chur ar téad sna plasóga seo agus cíos €20 a chur ar achan teach lena gcuid féar a ghearradh dóibh. Ansin thiocfadh linn málaí beaga deasa a dhéanamh i gceann de na monarchana seo atá druidte agus iad a chrochadh faoi ruball na n-asal leis an t-aolach a chruinniú. Bheadh uaim agus cléibhe againn do na hasail fosta agus nuair a bheadh lód cruinnithe againn thiocfaí é a thabhairt go dtí an mhonarcha le é a thriomú. Tá scéal ag dul thart fá na Dúnaibh go bhfuilear chun seanola cócaireachta a athchúrsáil i gceann de na monarchana atá druidte. B'fhéidir gur cogar atá sa scéal seo. Ach más rud é go bhfuil fírinne ar bith sa scéal seo thiocfadh linn an các asaile a thumadh san ola dhóite seo.*

*Bheadh sé iontach maith fá choinne an tine a lasadh agus bheadh boladh deas 'éisc agus sliseoga' as. ( fish and chips). Chuirfeadh seo ocras mór ar na Yanks--- Seo áit a mbeadh margadh! Thiocfaí é a chur isteach i bpacáistí deasa, pictiúr asail agus cúpla seamróg ar na cluasa ar thaobh amháin, agus pictiúr deas de chraos mór tine ar an taobh eile---'Irish Natural Briguettes for a Homely (Hungry) Fire'. Nuair a bheadh sin déanta thiocfaí toiseacht a easpórtáil go Meiricea chuig George Bush. De réir na dtuairisc a chonaic mé sna páipéir tá Bush le cuid de na dochtúirí 'spin' a chur anall anseo don Olltoghachán i gceann cúpla mí agus is dócha go mbeidh lasta mór các tairbh anall leo. Deirfinn go bhfuair Mc Dowell agus Rabitte an chéad lasta a tháinig, de réir a gcuid cainte. Tá súil agam nach mbíonn na polaiteoirí s'againne ag teacht thart anseo agus an 'stuff'sin leo mar go bhfuil mé den bharúil go bhfuil go leor dó fá na Dúnaibh de réir na mná sin as an cheantar seo a bhí ar 'Highland' le gairid. Comhgháirdeachas leí. Tá misneach aici. Comhgháirdeachas le Columba fosta as an obair mhór atá ar siúl acu fá Charraig Airt.*



## Láinseál Dlúth-Cheirnín

Cúpla seachtain ó shin láinseál John McNutt dlúthcheirnín sa Chaifé Blend i Leitir Ceannainn. Amhránaí agus cumadóir breá, a bhfuil bród mór ar mhuintir Rosguill ar is ea John.

Le blianta anuas tá John ag tarraingt custaiméirí isteach i dtithe tábhairne an cheanntair agus é ina shuí go modhúil muiníneach i gcóirnéal ag ceol amhrán, mór chuid acu a chum sé fhéin, agus glór bog binn aige a thógfadh an croí asat, mar a dhéanann an chuach ar theacht an tsamhraidh. Anois beidh deis ag daoine i bhfad 's i gcéin éisteacht le binnghuth John. Tá an dlúthcheirnín thar barr agus meascán iontach amhrán air. Cuid acu meidhreach, cuid acu fealsúnach agus cuid acu brónach mar atá "Christmas Truce 1914" – an t-ainm a thug sé ar an dlúthcheirnín. Tá an chéad CD " This place and time" amuigh anois le cúpla bliain. Tá an ceol ar an CD seo fíor-chosúil le "ceol na síogaí" agus muna bhfuil nóta ceoil i do chorp ná i d'anam, níl agat ach an muinchille a léamh, agus cha bhíonn sin le rá agat feasta.

Guímid gach rath ar John leis an CD. **Tá sé ar fáil sna h-áiteacha seo leanas:**
**Óstán Charraig Airt, An Síbín Ceoil, Oifig an Phoist, Glen Bar agus Siopa Joy.**



## Lus an Chromchinn (narcissus pseudonarcissus).

***Planda dúchais is ea Lus an Chromchinn sna coillte ar mhór-roinn na hEorpa, ach is iad na daoine a thug isteach go hÉirinn é. Fásann sé i scataí móra sna coillte agus ar thallamh féaraigh. Bíonn sé faoi bhláth ó Mhárta go hAibreán; bíonn crot an trumpa agus dath buí ar na bláthanna. Fásann Lus an Chromchinn ó bhleibíní sa chré. Tá nimh ann, do dhaoine is d'ain-mhithe, agus tugtar Lus an Aisig air chomh maith.***



## Comórtas Scríobh Leabhar

Ghlac rang 3, 4, 5 & 6 ó Scoil Naomh Bríd páirt sa Chomórtas Scríobh Leabhar 2007 i gcomhair le Bórd na Leabhar Gaeilge. Bhí éagsúlacht scéalta, dathanna agus ealaíon in achan leabhar. Thug na múinteoirí cuidiú agus treoir do na páistí ach is iad na páistí féin a chur an obair isteach. Ba mhaith linn comhghairdeas a gabháil le na páistí seo thíos as gradam a bhaint amach sa tionscnamh. Bronnadh teastas agus bonn galánta orthu uilig in Óstán Loch Altan i nGaoth Dobhair ar an 29 Márta 2007.





## An Capall Glic—La Fontaine

*Bhí madadh rua óg ag siúl faoin tuath lá amháin nuair a chonaic sé capall den chéad uair riamh ina shaol. Ach cé go raibh sé óg, bhí an madadh rua seo glic go leor. Chuaigh sé a fhad le mactíre agus arsa seisean leis :*

*"Tar liom, a chara, go bhfeice tú seo. Tá an t-ainmhí is deise dá bhfaca tú riamh ag innilt thall anseo: ainmhí mhór álainn atá ann."*

*"Cad é an seort ainmhí atá ann ?" arsa an mactíre. "An bhfuil sé níos mó agus níos láidre ná sinne ? Cuir síos air, le do thoil !"*

*"Ní file mé," arsa an madadh rua, "agus ní thig liom cur síos go maith air, ach tar liom go bhfeice tú é. Ní bheadh a fhios agat, b'fhéidir gurbh é Dia a chuir chugainn é, ó tharla go bhfuil ocras orainn."*

*Chuaigh sé ar aghaidh agus lean an mactíre é. Nuair a tháinig siad a fhad leis an chapall, bhí sé siúd ag innilt leis, gan aird dá laghad aige ar an bheirt chuairteoir a bhí ag amharc air.*

*"A dhuine uasaill," arsa an madadh rua leis an chapall, "ba mhaith linn a fháil amach cad é an t-ainm atá ort." Ach ní raibh an capall chomh bómánta agus a shíl siad, agus arsa seisean leo:*

*"A chairde, scríobh an gabha m'ainm ar bhonn mo choise: thig libh é a léamh agus fáilte."*

*"Ar an drochuair," arsa an madadh rua, "bhí m'athair is mo mháthair beo bocht agus ar an ábhar sin ní bhfuair mise scolaíocht ar bith. Ach tá mé cinnte go bhfuil léamh agus scríobh ag an mhactíre anseo."*

*Mheall an béal bán seo an mactíre agus chuaigh sé anonn chuig an chapall. Ach, ní luaithe a chrom sé síos leis an bhonn a léamh ná thug an capall speech san aghaidh dó. Caitheadh siar ar shalta dhroma é agus chaill sé cuid mhaith fiacla.*

***"A chara," arsa an madadh rua leis, "sin ceacht maith duit: cruthaíonn sé gur cheart don fhear chríonna amhras a bheith air fán rud nach dtuige-ann sé."***

# Feis Thír Chonaill

Tá Clann Chonaill le chéile inniu ar Lá Fhéile na nAspal
ba chéimiúla san eaglais a bhí.
Ag súil is ag féachaint le dúthracht is éifeacht,
go mbuanófar Gaeilge in Éirinn choíche.
I bparóiste Mhíobhaidh níor tréigeadh ariamh í,
is ní ligfear chun díobhaidh í i gcríochaibh Ros Goill.
Dá ndéantaí mar an gcéanna i ngach ceantar d'Éirinn
Bheadh iomlán na tíre fíor-Ghaelach inniu.

Tá maise ó nádúr go fairsing san áit seo,
Mínte is trághanna is cúr geal na dtonn.
Aibhneacha is altáin is machairí breátha,
Is na hardchnoic ag stánadh ar Fhánaid anonn.
Daoine suáilceacha lácha mar ba dual don Ghaeltacht,
Is iad a leithéidí riamh sa tseanaimsir a bhí
Aer folláin sléibhe is farraige in éineacht
Is gach aoibhneas is pléisiúr ba mhian le do chroí.

Amuigh thíos in aice an chósta tá mórchaisleán tigh ósta
Is ann gheofá lóistín bheadh seascair is sámh.
Dá mbeicfeá ann i lár séasúir, bheadh agat sárphléisiúr
Le spaisteoireacht, iascaireacht, cluichí is snámh.
Ach bhí áit ní ba mhó is ní ba dheise faoi dhó
San bhall seo fadó ag an Ardtiarna Boinn
Go dtáining air léiscrois aníos ó na méiltibh
A d'fhág é ina bháinsigh mar a chimed anois romhainn.

Áit oiliúna don chléir 'sea an ceantar go léir
Is tháinig dá réir sin cuid mhór acu as.
Ó chairdinealach cliumhail go dtí séiplíneach umhal
Ardeaspaig is príomhaidh thuill onóir is meas.
Sagairt paróiste bhreátha a bhí dúthrachtach cráifeach
A throid go dána is go láidir in aghaidh éagóra is nirt,
Nár ghéill riamh do namhaid ná do thréanbhodach Gallda
Ach sheas i mbearnaidh an ghabhaidh ag cosaint an chirt.

***Seán Mac Corraigh***

# Scéal Dub.

Rugadh mise ins an seanteach atá in aice an droichid ins na Dúnaibh ar an taobh eile do theach úr Shéamuis Proinsí. 'Sé an leasainm a cuireadh ar mo mhuintirse ná 'Muintir an Droichid'. Chaith mé an chéad sé mhí de mo shaol ins na Dúnaibh, nuair a bhí m' athair ag taisteal an domhain ag obair ar son comhlachta. Cheannaigh sé teach i mBaile Atha Cliath agus d'fhág mo mháthair, triúr dearthá-ir, agus mé fhéin na Dúnaibh chun cónaí sa chathair. Thaistil mo dheartháireacha ar an traein le Cití Jimí Mhicí agus chuaigh mé fhéin agus mo mháthair i veain Mhicí Coll as Carraic. Ní raibh aon eolas ar an Bhéarla ag mo dheartháireacha agus bhí sport mór ag gasúraí na gcomharsan i mBaile Atha Cliath ag magadh futhú mar gheall ar seo.

Nuair a bhí mé deich mbliana d'aois tháinig mé arais go dtí na Dúnaibh agus d'fhan mé le m'aintín Meadghie'n Droichid ar feadh dhá bhliain. Bhí mo dhearthháir Breandán ina chónaí leíthe roimhe seo ach bhí sé riachtanach dósan filleadh go Baile Átha Cliath chun freastal ar an Mheán-Scoil. Ní raibh sé ar intinn agamsa a dhul 'na scoile anseo ach i mí Meán Fómhair thosaigh mé ar scoil Dhoire A' Chasáin a bhí faoi stiúr Jack Mhic Pháidín ag an am.

Tá cuimhne mhaith agam ar an chéad lá sin, ach go háirithe, mar gur thug Jack scian domh agus d'iarr orm a dhul amach agus slat saileoige a ghearradh ón chrann in aice an tsrutháin taobh thall don scoil. Thug sé deich mbuille domhsa an chéad lá sin agus is minic a fuair mé cuid mhaith buillí eile sa dá bhl-iain a chaith mé ar an scoil leis. Ní raibh aon uisce sa scoil agus bhí orainn uisce a fháil ó Theach an Ghréasaí, Pat Dhonchaidh gach maidin. Sa Gheim-hreadh cuireadh tine mhór guail síos sa rang. Bhí Jack géar ach is mór an suim a bhí aige sna páistí, agus tá mise ana-bhuíoch dó ar son an oideachais a fuair mé anseo.

Tá cuimhne agam ar 'Bhuíon Cheoil Ros Goill' a bhunaigh Jack blianta fada sul a raibh mise ansin ach a chuir sé le chéile arís le linn an ama a raibh mise anseo. Bhí ócáid mhór sa pharóiste nuair a tháinig an sagart Míchéal Mharcais 'na bhaile don chéad uair tar éis a ornaithe.

Bhí an bhuíon ag cleachtadh ar feadh míosa roimhe seo chun fáilte mhór a chur roimh an sagart úr. Bhí sé tar éis an mhéan-oíche nuair a shroich Micheál agus a mhuintir na Dúnaibh an oíche sin. Chuir an bhuíon fáilte roimhe agus do sheinn muid ceol ón trá ins na Dúnaibh go dtí a theach cónaí ar an Bhaile Úr.Is é Jimmy Óg Bhrianaí an duine a cuireadh i gceannas ar an bhuíon. Bhí léine ghlan, bhán ar gach éinne sa bhuíon an oíche sin ach amháin ormsa, mar gur thit mé i bpróiste các bó agus de thairbhe sin de bhí léine ghlas ormsa. Tá cuimhne mhaith agam ar na hoícheanta ar ghnáth liom cuairt a thabhairt ar mo chomharsa anseo, go háirithe nuair a bhí obair baile le déanamh agam. Bhí eolas ag Jack i gcónaí an lá ina dhiaidh sin go raibh mé ag cuartaíocht agus an teach a mbéinn ag cuartaíocht ann. Chuir sé cosc orm a bheith ag cuartaíocht, go háirithe i dteach Eddie Den Mhónaí mar nach raibh morán measa ag ceachtar acu ar a chéile.

Bhí muc ag Eddie, ba pheata muice a bhí inti. Ba ghnáth le Eddie an mhuc a thabhairt leis go Baile na nGallóglach gach mí chun an mhuc a dhíol. Chuireadh Eddie an mhuc isteach sa veain gach mí agus thiomáineadh sé go dtí an baile sin chun í a dhíol. Bhí sé do chleachtadh aige an mhuc a chur ina suí sa suíochán tosaigh in aice leis fhéin. Ansin ar an Domhnach bá ghnáth le Eddie síob a thabhairt do dhaoine go dtí an Aifreann i nGáinne ins an suíochán céanna a mbíodh an mhuc ina suí ann b'fhéidir cupla lá roimhe sin. Níor dhíol Eddie an mhuc ariamh!

Tá mé cinnte go bhfuil cuimhne ag a lán daoine atá rud beag níos aosta ar an lá a chuir mé an Bogach ar thine. Bhí pictiúr i gceann de na páipéir ag taispeáint scamaill mhóra, dhubha toite ag éirí os cionn na nDúnaibh. Tá mé iontach buíoch do mo chomharsana uilig ar son an chabhair a thug siad domhsa an lá sin chun an tine a chur as.

Bhí mé ag smaoineamh gur cheart domh an t-ainm sin a chur ar mo theach úr –' Bogach Ar Thine' Chaith mé dhá bhliain anseo ar Scoil Dhoire A' Chasáin agus bhí cumhaigh go leor orm nuair a bhí orm filleadh ar an chathair. Bhí neart taithí agam ar an Ghaeilge ansin agus bhí a fhios agam go mbeadh sé deacair toiseacht i Scoil Bhéarla arís.

Tá mé iontach buíoch do gach éinne sa cheantar ar son an deis cónaí i bhur measc agus an Ghaeilge a fhoghlaim go nádúrtha. Tá teach úr tógtha agam anseo anois agus tá sé ar intinn agam a theacht ar ais agus cónaí i bhur measc arís.

*Mairtín Ó Gallchóir.*

# Máirtín Ó Gallchóir.



*Tháinig an scéala chugainn gan choinne agus leoga ba brónach an scéala a bhí ann --- bás Mháirtín Uí Ghallchóir, duine de 'mhuintir an droichid'. Chuala muid go luath i ndiaidh na Nollag nach raibh an scéala maith faoina shláinte ach bhí Máirtín ar dhuine acu sin go síl-feá faoi nach bhféadfaí é a chloí. Tá a phlean fhéin ag an Chruthaitheoir dúinn uilig.*

*Cúigear clainne a bhí ag Jim agus a bhean Caití, gasúraí ar fad agus bhí Máirtín ar an ceathrú duine sa chlann. Bhí cónaí orthu i dtús báire sna Dúnaibh Íochtarach ach nuair a bhí Máirtín tuairim is sé mhí bhog an teaghlach go Baile Átha Cliath. Bhí a n-aintín Madgie 'n Droichid ina cónaí leí fhéin agus chaith siad uilig seal abhus aici agus chuaigh siad 'na scoile i nDoire 'A Chasáin. Rinne Máirtín a sheal anseo ag tús na seascaidí agus níl amhras óna chuid cainte ná go ndeachaigh an tréimhse seo ina shaol i gcion go mór air agus gur thit sé i ngrá leis an cheantar agus leis na carachtair a casadh air anseo ag an am.*

*Deineann sé cur síos goirid ar an tréimhse sin agus an cineál saol a bhí aige san alt a ghabhann leis an phíosa seo. Scríobh sé an t-alt seo i mí na Samhna do Ghuth Ghoill; bhí sé iontach bródúil as an alt seo ach is beag a shíl sé nuair a bhí sé a scríobh nach mbeadh sé thart le é a léamh san iris.*

*Tháinig Máirtín ar ais anseo ó am go chéile ach nuair a d'éirigh sé as a phost leis an Bhord Sláinte, áit a raibh sé ina phríomhf-heidhmeannach, shocraigh sé teach a thógáil sna Dúnaibh. Ní ró-shásta a bhíodh sé nuair a chuirtí ceist air cad é mar a bhí an teach saoire ag fáil ar aghaidh. 'Ní teach saoire atá ann' a deireadh sé. 'Seo an áit a chaithfeas mé an chuid eile de mo shaol'. Nach trua nach bhfuair sé an deis sin a dhéanamh.*

*Bhí suim mhór aige sa Ghaeilge, is dócha gur i scoil Dhoire 'n Chasáin agus ag Madgie a d'fhoghlaim sé an chuid is mó dena chuid Gaeilge i dtús ama. Ach le linn do a bheith ag tógáil an tí shocraigh sé clárú do na ranganna Dioplóma. Mná uilig a bhí sa rang ach níor chuir sin is-teach ná amach air mar go raibh sé ar dhuine acu seo a chonaic greann i ngach uile rud agus chuir a chuid grinn go mór leis an rang. Deineann an rang é a chrothnú go mór. Ar dheis lámh Dé go raibh a anam dílis.*

Tá Ceol '07 ar fáil i siopaí ceoil fud fad na tíre anois!!! Téigh amach agus ceannaigh é le go bhféadfadh sé dul chuig uimhir a haon sna cairteanna!! Ná déan dearmad go dtéann gach brabús chuig Concern.

